Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**11809/26**
**COR 1**

**CLIMA 394**
**ENV 932**
**AGRI 584**
**FORETS 108**
**ENER 515**
**IND 481**
**COMPET 945**
**DELACT 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6304 final |
| Ábhar: | CEARTÚCHÁN<br>ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 9 Iúil 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú<br>*(C(2026) 4666 final)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6304 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6304 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2026
C(2026) 6304 final

# CEARTÚCHÁN

**ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 9 Iúil 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú**

***(C(2026) 4666 final)***

**CEARTÚCHÁN**

**ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 9 Iúil 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú**

***(C(2026) 4666 final)***

In aithris 8:

*in ionad:* 'Chun ailíniú le caighdeáin arna nglacadh faoi Shásra Creidiúnúcháin Chomhaontú Pháras de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), ba cheart 10 % ar a laghad a bheith san fhachtóir sin.',

*léitear:* 'Ba cheart 8 % ar a laghad a bheith san fhachtóir sin'.

I Roinn 3.2.1., pointe (a), den Iarscríbhinn:

*in ionad:* Sa chás sin, chun an bhonnlíne a chainníochtú, is é a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 na 3 bliana ar a laghad díreach roimh thús na n-oibreacha ar an ngníomhaíocht ábhartha, agus féadfar a áireamh sa chur chuige cainníochtaithe dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 crainn agus fásra a bhí sa limistéar gníomhaíochta sular cuireadh an t-iarratas isteach chuig an scéim deimhniúcháin nó sula ndeachthas isteach i ngrúpa oibreoirí, má plandaíodh nó má síolaíodh iad idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027;',

*léitear:* Sa chás sin, chun an bhonnlíne a chainníochtú, is é a bheidh sa tréimhse thagartha dá dtagraítear i Roinn 2.3.1 na 3 bliana ar a laghad díreach roimh thús na n-oibreacha ar an ngníomhaíocht ábhartha, agus féadfar a áireamh sa chur chuige cainníochtaithe dá dtagraítear i Roinn 2.3.2 crainn agus fásra a bhí sa limistéar gníomhaíochta sular cuireadh an t-iarratas isteach chuig an scéim deimhniúcháin nó sula ndeachthas isteach i ngrúpa oibreoirí, má plandaíodh nó má síolaíodh iad idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027;'.